Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Aibreán 2022
(OR. en)

8426/22
ADD 1

LIMITE

MED 12
MAMA 58
RHJ 2

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0107 (NLE)

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 164 Final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Dréacht-Chinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Comhlachais a bunaíodh leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile, maidir le Tosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hIordáine a ghlacadh |

# IARSCRÍBHINN

## CINNEADH Uimh... ÓN 14ú CRUINNIÚ DE CHOMHAIRLE COMHLACHAIS AN AONTAIS EORPAIGH AGUS NA hIORDÁINE

## an LL/MM/2022 lena dtagtar ar chomhaontú maidir le Tosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hIordáine

TÁ COMHAIRLE COMHLACHAIS AN AONTAIS EORPAIGH AGUS NA hIORDÁINE,

Ag féachaint don Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus an Iordáin, den pháirt eile,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Iordáin, den pháirt eile, síníodh é an 24 Samhain 1997 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2002;

(2) Le hAirteagal 91 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara, tugtar de chumhacht don Chomhairle Comhlachais cinntí iomchuí a ghlacadh chun cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach;

(3) I dtéarmaí Airteagal 101 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara, déanfaidh na Páirtithe aon bheart ginearálta nó sonrach is gá chun a n-oibleagáidí faoin gComhaontú a chomhlíonadh agus féachfaidh siad chuige go mbaintear amach na cuspóirí a leagtar amach sa Chomhaontú.

(4) Le hathbhreithniú Bheartas Comharsanachta na hEorpa, moladh céim nua rannpháirtíochta le comhpháirtithe, rud a d'fhágfadh gur mhó an bhraistint úinéireachta a bheadh ag an dá thaobh;

(5) Tá comhaontú déanta idir an tAontas Eorpach agus an Iordáin a gcomhpháirtíocht a chomhdhlúthú trí shraith tosaíochtaí a chomhaontú le haghaidh na tréimhse 2021-2027, agus é mar aidhm acu tacú le hathléimneacht agus cobhsaíocht na hIordáine agus iad a threisiú, agus féachaint san am céanna le haghaidh a thabhairt ar thionchar na coinbhleachta fadtréimhsí sa tSiria.

(6) Tháinig na Páirtithe sa Chomhaontú Eora-Mheánmhara ar chomhaontú maidir le téacs Thosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hIordáine, agus tacóidh sé sin le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Eora-Mheánmhara, agus an comhar á dhíriú ar leasanna comhroinnte a shainaithnítear go comhpháirteach.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal 1*

Molann an Chomhairle Comhlachais do na Comhpháirtithe Tosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hIordáine a chur chun feidhme mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn.

*Airteagal 2*

Cinneann an Chomhairle Comhlachais go gcuirfear Tosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hIordáine dá dtagraítear in Airteagal 1 in ionad Thosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hIordáine roimhe seo a glacadh le Cinneadh Uimh. 1/2016 ó Chomhairle Comhlachais an Aontais Eorpaigh agus na hIordáine an 19 Nollaig 2016.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa xx, lá mí bliain.

*Thar ceann na Comhairle Comhlachais*

An Cathaoirleach

***

PUBLIC

**Tosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hIordáine 2021-2027**

PUBLIC

**RÉAMHRÁ**

Tá comhpháirtíocht láidir idir an tAontas agus an Iordáin. Is comhpháirtí lárnach de chuid an Aontais í an Iordáin, agus is mór ag an Aontas Eorpach an ról modhnóireachta tábhachtach atá ag an Iordáin sa réigiún. D'fhonn an gaol daingean ilghnéitheach idir an dá chomhpháirtí a neartú a thuilleadh, sainaithníodh tosaíochtaí chun tacú le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Iordáin, lena dtreorófar an chomhpháirtíocht le linn na tréimhse 2021-2027.

Léiríonn na Tosaíochtaí Comhpháirtíochta idir an tAontas agus an Iordáin spriocanna comhroinnte Bheartas Comharsanachta na hEorpa mar limistéar coiteann síochána, rathúnais agus cobhsaíochta. Corpraítear iontu a phríomhghnéithe, mar atá, an t-idirdhealú agus an chomhúinéireacht, ach tá solúbthacht iontu freisin chun gur féidir oiriúnú a dhéanamh do chúinsí a bhíonn ag athrú, mar a chomhaontaíonn an tAontas agus an Iordáin. Thairis sin, tá siad ag teacht leis an sprioc a luadh sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 10 go dtí an 11 Nollaig 2020[1] maidir le tosaíocht straitéiseach a bheith ag an Aontais go mbeadh Comharsanacht an Deiscirt daonlathach, níos cobhsaí, níos glaise agus níos rathúla.

Léirítear sna Tosaíochtaí Comhpháirtíochta freisin cuspóirí an Chláir Oibre nua uaillmhianaigh nuálaigh don Réigiún Meánmhuirí, a leagtar amach sa Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí an 9 Feabhra 2021 maidir le Comharsanacht an Deiscirt[2], agus sna conclúidí ón gComhairle ina dhiaidh sin maidir le Comhpháirtíocht athnuaite le Comharsanacht an Deiscirt an 16 Aibreán 2021[3], lena ndírítear ar an gcomhar a sheoladh an athuair agus ar acmhainneacht neamhshaothraithe an chaidrimh a bhaint amach. Tacaíonn sí le cur chun feidhme éifeachtúil tráthúil na dtionscnamh suaitheanta a comhaontaíodh go frithpháirteach, ar tionscnaimh iad den Phlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta do Chomharsana an Deiscirt[4] lena neartófar comhpháirtíocht an Aontais leis an Iordáin agus lena gcabhrófar leis na hearraí coiteanna Meánmhara seo againn a chosaint. Leis an gClár Oibre nua cuirtear deiseanna ar fáil le haghaidh

[1] EUCO 22/20 an 11 Nollaig 2020
[2] JOIN(2021) 2 final.
[3] https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-7931-2021-INIT/en/pdf.
[4] SWD(2021) 23 final

comhpháirtíochtaí nua maidir leis na tosaíochtaí straitéiseacha a bhaineann leis an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, comhpháirtíochtaí a rannchuideoidh leis an inbhuanaitheacht, an rathúnas agus an athléimneacht. Sna hiarrachtaí sin, cuirfidh an tAontas agus an Iordáin leis an gcomhpháirtíocht leis an Iordáin agus le cur chun feidhme leantach chlár oibre na hIordáine um athchóiriú. Leanfaidh an tAontas agus an Iordáin d'oibriú go fiúntach i gcomhar le chéile mar chomhuachtaránachtaí an Aontais don Réigiún Meánmhuirí chun comhpháirtíocht láidir a chothú ar fud an Réigiúin Mheánmhuirí.

I gcomhréir leis an gClár Oibre nua, is ar luachanna coiteanna agus ar idirphlé a bheidh an chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Iordáin bunaithe fós, agus leanfar di ar bhonn clár oibre comhroinnte socheacnamaíoch agus polaitiúil, lena n-áireofar athchóirithe agus a gcur chun feidhme i réimsí amhail an dea-rialachas, an smacht reachta, cearta an duine, an comhtháthú sóisialta agus deiseanna comhionanna do chách, an neamh-idirdhealú, cosaint an chomhshaoil agus na haeráide, an chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus an timpeallacht ghnó. Díreofar léi ar théarnamh glas digiteach athléimneach cóir tar éis phaindéim COVID-19, i gcomhréir le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, Comhaontú Pháras agus an Comhaontú Glas don Eoraip.

Is príomhthosaíocht chomhroinnte agus bunchloch nuálach an Chláir Oibre nua don Réigiún Meánmhuirí é téarnamh fadtéarmach inbhuanaithe socheacnamaíoch agus cruthú post a spreagadh i gComharsanacht an Deiscirt. An Doiciméad Inmheánach Oibre Comhpháirteach maidir le Plean Eacnamaíoch agus Infheistíochta do Chomharsanacht an Deiscirt atá i gceangal leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach, doiciméad ina bhfuil aird faoi leith á díriú ar an Iordáin, is iarracht dhiongbháilte é bunús a chur faoin gcomhpháirtíocht seo agus béim a leagan ar phríomhthionscadail lena dtreiseofar comhpháirtíocht an Aontais leis an Iordáin. Le cur chun feidhme thionscnaimh shuaitheanta Phlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta an Chláir Oibre Nua don Réigiún Meánmhuirí, rannchuideofar leis na Tosaíochtaí Comhpháirtíochta a bhaint amach agus beidh na tionscnaimh sin ina gcuid thábhachtach de chomhar an Aontais leis an Iordáin.

Agus an Teachtaireacht Chomhpháirteach agus a Phlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta á nglacadh mar bhunús, chomh maith leis na conclúidí ón gComhairle, féachfaidh an tAontas freisin le dul i gcomhar leis na Ballstáit chun tionscnaimh de chuid Team Europe a chur chun cinn maidir le príomhréimsí leasa fhrithpháirtigh, rud a chuirfidh le freagairt rathúil Team Europe do ghéarchéim COVID-19, ar bhonn idirnáisiúnta agus san Iordáin araon.

Is doiciméad beo iad na Tosaíochtaí Comhpháirtíochta, lena dtugtar comhlíonadh gealltanas frithpháirteach le fios.


PUBLIC

An chomhpháirtíocht agus na réimsí comhair tosaíochta, leanfar dá gcoimeád ag imeacht trí **chruinnithe polaitiúla** ardleibhéil ar bhonn rialta, **idirphlé** maidir le cúrsaí eacnamaíocha, fostaíochta agus sóisialta, trádáil, ceartas, cearta an duine, próisis dhaonlathacha, an aeráid agus an comhshaol, Comhpháirtíocht **Soghluaisteachta** an Aontais Eorpaigh agus na hIordáine, Comhaontú **Eolaíochta agus Teicneolaíochta an Aontais Eorpaigh agus na hIordáine** agus réimsí eile comhair atá ann cheana, tiomantas an Aontais Eorpaigh agus na hIordáine d'idirphlé agus comhar a neartú maidir leis **an tslándáil,** lena n-áirítear idirphlé agus comhar maidir leis an gcibearshlándáil agus cur i gcoinne an antoisceachais fhoréignigh agus na sceimhlitheoireachta, chomh maith leis an **gcomhar déthaobhach** chun tacú leis an Iordáin.

**Deimhníonn na Tosaíochtaí Comhpháirtíochta na naisc idir an tAontas Eorpach agus an Iordáin, agus sainíonn siad an raon feidhme maidir leis an rannpháirtíocht fhrithpháirteach a dhoimhniú.**

An comhthéacs atá ann faoi láthair, is comhthéacs fabhrach é go háirithe maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas Eorpach agus an Iordáin a chomhdhlúthú, bunaithe ar **chuspóirí, luachanna agus leasanna comhroinnte maidir le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin choiteanna.**

**Tá tuilleadh brú ar na hearnálacha sláinte, oideachais agus eacnamaíocha mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus tá dúshláin shocheacnamaíocha nach beag ann dá bharr**. Déanfaidh an tAontas agus an Iordáin atógáil chun feabhais tar éis na géarchéime, *inter alia*, trí aistriú glas agus aistriú digiteach a ngeilleagar, rud a mhéadóidh ar an athléimneacht agus a thabharfaidh rathúnas agus deiseanna oibre cuibhiúla ar bhealach cuimsitheach dá bpobail. Cuirfidh an tAontas agus a chomhpháirtithe dlús lena rannpháirtíocht chun dul i ngleic le gach cineál idirdhealaithe, lena n-áirítear idirdhealú bunaithe ar reiligiún nó creideamh, agus chun comhionannas inscne a chur chun cinn i ngach réimse beartais mar chuid den fheachtas i gcomhair téarnamh cuimsitheach ó phaindéim COVID-19.

**Tá géarchéim na Siria tar éis tionchar mór a imirt ar an Iordáin ó bhí 2011 ann agus ar an réigiún chomh maith leis an Aontas Eorpach.** Dhearbhaigh an tAontas agus an Iordáin cuspóirí comhroinnte agus leasanna coiteanna maidir le próiseas síochána a shaothrú agus maidir le filleadh ar an gcobhsaíocht agus ar an tsíocháin sa tSiria. D'fhágfadh sé sin ar deireadh go bhféadfadh na dídeanaithe filleadh go deonach, go sábháilte agus faoi dhínit. Idir an dá linn, is tábhachtach na leibhéil chúnaimh agus an rochtain ar chosaint, ar oideachas, ar shlite beatha agus ar sheirbhísí a choimeád ag imeacht le haghaidh dídeanaithe ón tSiria san Iordáin.

Aithníonn an tAontas príomhról na Iordáine sna réimsí náisiúnta, réigiúnacha agus idirnáisiúnta agus tacaíonn sé le rannpháirtíocht na Iordáine sa chóras iltaobhach. Molann an tAontas tiomantas flaithiúil leanúnach na hIordáine maidir le líon mór dídeanaithe a óstáil agus a chosaint, lena n-áirítear dídeanaithe ón tSiria, ón bPalaistín, ón Iaráic, ón Libia agus ó Éimin, a iarrann tearmann sábháilte san Iordáin, agus maidir le hoideachas, slite beatha agus seirbhísí sláinte agus cosanta sóisialta a sholáthar dóibh. Leanfaidh an tAontas de chúnamh a thabhairt don Iordáin chun tacaíocht a sholáthar do dhídeanaithe a iarrann coimirce san Iordáin agus chun athléimneacht na hIordáine a neartú, lena n-áirítear rannpháirtíocht leanúnach maidir le héifeachtaí phaindéim COVID-19 a mhaolú. Mar ab amhlaidh roimhe seo, tá an tacaíocht ón Aontas don Iordáin chun freagairt do dhídeanaithe sa bhreis ar na cláir thacaíochta dhéthaobhacha. Tá sé ríthábhachtach an bhochtaineacht, an t-idirdhealú agus an neamh-chomhionannas inscne a chomhrac, tacaíocht ioncaim leormhaith a sholáthar, rochtain neamh-idirdhealaitheach a bheith ann ar an gcosaint shóisialta i gcomhréir le creataí náisiúnta amhail Straitéis Náisiúnta um Chosaint Shóisialta na hIordáine, forbairt inbhuanaithe agus fás a chothú, cearta an duine a chosaint, agus rochtain chóir ar sheirbhísí ardchaighdeáin a áirithiú. Thairis sin, tá an Iordáin ag leanúint d'iarrachtaí eiseamláireacha a dhéanamh agus tá ról feiceálach cothromaithe aici maidir leis an tsíocháin agus an tslándáil a chur chun cinn sa Mheánoirthear, go háirithe Próiseas Síochána an Mheánoirthir. Ina theannta sin, bhí luach ollmhór ag baint le ról na hIordáine maidir le cur i gcoinne an radacaithe, na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh. Is sampla eile de ról tosaigh agus cobhsaíochta na hIordáine a comhchathaoirleacht, i gcomhar leis an Aontas Eorpach, ar an Aontas don Réigiún Meánmhuirí (UfM), trína dtacaíonn sí le réitigh pholaitiúla ar ghéarchéimeanna éagsúla sa réigiún, mar aon le comhtháthú agus forbairt réigiúnach agus geilleagair chiorclacha, inbhuanaithe, ghlasa, acmhainntíosacha ina bhfuil astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa.

Leanfaidh an Iordáin agus an tAontas dá rannpháirtíocht i ndáil le gach gné den imirce laistigh de chomhpháirtíocht chuimsitheach shaincheaptha a bheidh chun leas an dá pháirtí, agus faoi chuimsiú na Comhpháirtíochta Soghluaisteachta, lena ndéantar foráil maidir le creat comhleanúnach le haghaidh bearta sa réimse imirce, soghluaisteachta agus slándála, agus lena dtéitear i ngleic le saincheisteanna i ndáil le bainistíocht teorainneacha, imirce neamhrialta a chosc, agus cosaint idirnáisiúnta[5].

---

[5] https://ec.europa.eu/home-affairs/system/files/2016-12/20141009_joint_declaration_establishing_the_eu-jordan_mobility_partnership_en.pdf



PUBLIC

Cuireann na Tosaíochtaí Comhpháirtíochta leis an méid atá bainte amach ag an dá thaobh i réimsí leasa fhrithpháirtigh, lena n-áirítear an aidhm chun leanúint d'athchóirithe a chur chun feidhme, agus ar an gcaoi sin rannchuidíonn siad le cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch na hIordáine, i gcomhréir le tosaíochtaí chlár athbhreithnithe CAI, agus iarmhairtí phaindéim COVID-19 á gcur san áireamh. Tógann siad freisin ar Chomhdháil Londain 2016, 'Tacú leis an tSiria agus an Réigiún', chomh maith le gealltanais an Chomhshocraithe Idirnáisiúnta arna gceapadh ag an Iordáin agus ag comh-óstaigh na Comhdhála sin, arbh aidhm dóibh sochair forbartha na hIordáine a choimeád ag imeacht i bhfianaise cúnamh daonnúil leantach agus tacaíocht leormhaith do phobail óstacha. Sna cúig cinn de Chomhdhálacha na Bruiséile ina dhiaidh sin, inar díríodh ar an téama 'Tacú le todhchaí na Siria agus an Réigiúin', athnuadh agus treisíodh gealltanas polaitiúil, daonnúil agus airgeadais an phobail idirnáisiúnta chun tacú le muintir na Siria, na tíortha comharsanachta agus na pobail is mó atá thíos leis an gcoinbhleacht, agus athbhreithníodh lena linn an dul chun cinn atá déanta ag rialtais, deontóirí agus na Náisiúin Aontaithe (NA) maidir leis na gealltanais a rinneadh sna tosaíochtaí. I bhfianaise fhíor-leochaileacht dhídeanaithe na Siria agus na bpobal óstach leochaileach, rud atá níos measa de dheasca phaindéim COVID-19, déanann an tAontas Eorpach agus an Iordáin a ngealltanas a athdheimhniú chun cúnamh agus cosaint éifeachtach a sholáthar do na dídeanaithe uile san Iordáin. Is tábhachtach a rochtain ar sheirbhísí a fheabhsú a thuilleadh, meas ar a gcearta daonna a áirithiú, agus leanúint d'oibriú chun a n-acmhainneacht don fhéintuilleamaí a fheabhsú, agus deiseanna a chruthú dóibh chun rannchuidiú le forbairt eacnamaíoch na hIordáine. Agus iad ag tacú le dídeanaithe, dídeanaithe ón tSiria san áireamh, glacfaidh an tAontas agus an Iordáin cur chuige a bheidh bunaithe ar an leochaileacht, lena ndíreofar aird iomchuí ar chúinsí na bpobal óstach leochaileach.

Geallann an tAontas fós cúnamh agus cosaint leantach a sholáthar do **dhídeanaithe na Palaistíne**, lena n-áirítear iad siúd atá san Iordáin. I ndáil leis sin, leag an tAontas agus an Iordáin béim ar ról ríthábhachtach *Ghníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha* ar mhaithe le Dídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirthear (UNRWA) maidir le slándáil agus cobhsaíocht sa réigiún, i gcomhréir lena sainordú NA a leagtar síos i rúin NA ábhartha, agus léirigh siad a dtiomantas do leanúint de thacú leis an nGníomhaireacht ar bhonn polaitiúil agus ar bhonn airgeadais. Aithníonn siad a thábhachtaí atá ról UNRWA fós agus geallann siad tacú leis an ngníomhaireacht agus a sainordú á chur chun feidhme aici laistigh dá réimsí oibríochtaí, agus sna hathchóirithe bainistíochta agus rialachais le haghaidh trédhearcacht agus cuntasacht mhéadaithe agus le haghaidh bainistíocht fhónta airgeadais a bhfuil an ghníomhaireacht tar éis tabhairt fúthu, agus, i gcomhar leis an bpobal deontóirí, cistiú ilbhliantúil níos inbhuanaithe agus níos intuartha a mholadh, chomh maith le comhroinnt chothrom an ualaigh.

PUBLIC

**TOSAÍOCHTAÍ**

Léirítear leasanna comhroinnte sna 'Tosaíochtaí Comhpháirtíochta' agus dírítear iontu ar réimsí ina bhfuil an comhar idir an tAontas agus an Iordáin ina leas frithpháirteach. I gcomhréir leis an gCumarsáid Chomhpháirteach agus na conclúidí ón gComhairle, tá an tAontas agus an Iordáin tiomanta don chomhar a leathnú maidir le réimse beart a bhaineann leis na príomhréimsí beartais seo a leanas: an athléimneacht agus an t-idirnasc/rannpháirtíocht sa gheilleagar domhanda a neartú, rachmas a fhorbairt agus deiseanna an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh a thapú; forbairt dhaonna, dea-rialachas, an smacht reachta agus cearta an duine; síocháin agus slándáil; imirce agus soghluaisteacht; gníomhaíocht ar son na haeráide, fuinneamh agus comhshaol.

PUBLIC

Bunaithe ar an méid thuas, is iad seo a leanas na trí thosaíocht a shainaithnítear le haghaidh na tréimhse 2021-2027:

Féachfaidh an tAontas agus an Iordáin **leis an gcomhar a neartú maidir le cobhsaíocht agus slándáil réigiúnach, an fhrithsceimhlitheoireacht san áireamh**. Is comhpháirtithe daingne iad an tAontas agus an Iordáin maidir leis an mbeartas eachtrach agus slándála. Saothrófar an comhar straitéiseach agus oibriúcháin go déthaobhach, i bhfóraim iltaobhacha agus ar bhonn réigiúnach freisin, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí chomh-uachtaránachtaí an Aontais Eorpaigh agus na hIordáine ar UfM, agus trí thairbhe a bhaint as na cruinnithe bliantúla atá beartaithe idir Airí Eachtracha an Aontais agus Comharsanacht an Deiscirt, chomh maith le cruinnithe earnála féideartha ar a bhfreastalóidh na hairí. Is chun leas frithpháirteach an Aontais agus na hIordáine araon é an tsíocháin agus an chobhsaíocht a chur chun cinn sa réigiún agus go hidirnáisiúnta, trí oibriú i gcomhar le chéile ar Phróiseas Síochána an Mheánoirthir, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le rúin ábhartha de chuid Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA), agus oibriú chun tacú leis an aistriú polaitiúil agus le cothú na síochána sa tSiria, bunaithe ar rún 2254 de chuid CSNA, i measc rún eile. Cuireann an tAontas agus an Iordáin an t-idéal rompu a bheith ina n-eiseamláir de shochaithe caoinfhulangacha, rud is cúis eile é leis an gcomhar a fheabhsú sa réimse beartais eachtraigh.

Leis an gcomhpháirtíocht dírítear ar théarnamh agus cobhsaíocht eacnamaíoch a chur chun cinn, chomh maith le fás glas digiteach cuimsitheach eolasbhunaithe, oideachas ardchaighdeáin agus cruthú cuibhiúil post, do dhaoine óga san áireamh, i gcomhréir le tosaíochtaí an Rialtais, an Clár Táscach Feidhmiúcháin um Fhorbairt, 'An Iordáin 2025 – Fís agus Straitéis Náisiúnta' agus na beartais agus straitéisí earnála. Leis an tacaíocht féachtar le hathléimneacht na hIordáine a fheabhsú chun déileáil le tionchar ghéarchéim na Siria agus na héagobhsaíochta réigiúnaí, chomh maith le hiarmhairtí eacnamaíocha agus sóisialta phaindéim COVID-19, agus na deiseanna atá ann a thapú san am céanna chun atógáil chun feabhais tar éis na géarchéime.

Agus iad ag déileáil leis an athrú aeráide agus díghrádú an chomhshaoil, feabhsóidh an tAontas agus an Iordáin an comhar trína neart a chur le chéile chun **fás glas agus aistriú fuinnimh i dtreo na haeráidneodrachta** a chothú, agus an méid sin ailínithe le straitéis na hIordáine don earnáil fuinnimh (2020-2030) agus i gcomhréir le Rannchuidiú na hIordáine arna Chinneadh go Náisiúnta (NDC) agus an Plean Oiriúnaithe Náisiúnta. Geilleagar láidir cuimsitheach glas idirnasctha san Iordáin, a gheobhaidh tacaíocht ón **limistéar saorthrádála** a bunaíodh faoin gComhaontú Comhlachais idir an Iordáin agus an tAontas Eorpach, an scéim shimplithe um rialacha tionscnaimh, agus timpeallacht infheistíochta fheabhsaithe (trí athchóirithe timpeallachta gnó) agus rochtain ar airgeadas le haghaidh fiontraithe agus fiontair *bheaga agus mheánmhéide* (FBManna) go háirithe, rud a áireoidh idirphlé príobháideach poiblí a chothú agus oibriú ar bhonn níos spriocdhírithe leis an earnáil phríobháideach, is dreasachtaí cumhachtacha le haghaidh **cruthú cuibhiúil post** a bheidh sa mhéid sin. Cuirfear tuilleadh feabhais ar nuachóiriú, glasú agus éagsúlú an gheilleagair trí thacaíocht do chomhroinnt eolais agus fás a mbeidh an nuálaíocht ina bonn leis. Comhar maidir le nascacht iompair inbhuanaithe chliste athléimneach (lena n-áirítear Comhaontú Eitlíochta an Aontais Eorpaigh agus na hIordáine) agus cur chun feidhme Straitéis Iompair Náisiúnta 2015-2030, rannchuideoidh siad sin leis an gcomhtháthú réigiúnach agus eacnamaíoch freisin.

Díreofar aird faoi leith ar **infhostaitheacht agus rannpháirtíocht na ndaoine óga agus na mban sa gheilleagar** a mhéadú. Díreofar aird freisin ar dheiseanna eacnamaíocha inbhuanaithe comhionanna a ghiniúint, lena n-áirítear é sin a dhéanamh ar bhonn **oideachas agus gairmoiliúint ardchaighdeáin agus seirbhísí iompair phoiblí iomchuí a sholáthar,** agus ar chultúr fiontraíochta agus nuálaíochta a chothú, chomh maith le haistriú chuig geilleagar ciorclach glas digiteach. Ba cheart tionscnaimh san earnáil chultúrtha a mheas, lena n-áirítear tionscnaimh a bheidh dírithe ar thionscal cultúrtha cruthaitheach a fhorbairt, i bhfianaise rannchuidiú mór na hearnála sin leis an idirphlé idirchultúrtha agus an fhorbairt shocheacnamaíoch a chur chun cinn.

Dá ndéanfaí an Comhaontú Comhlachais a fhorfheidhmiú go hiomlán agus dá leanfaí den chomhar comhpháirteach chun an caidreamh trádála agus infheistíochta atá ann cheana a neartú, d’fheabhsódh sin **comhtháthú na hIordáine i margadh an Aontais** agus chruthódh sé deiseanna nua don trádáil, don infheistíocht agus don fhorbairt. I gcomhréir leis an Teachtaireacht maidir le hAthbhreithniú ar an mBeartas Trádála[6], molfaidh an tAontas **tionscnamh nua um infheistíocht inbhuanaithe** do chomhpháirtithe leasmhara i gComharsanacht an Deiscirt agus san Afraic.

[6] COMM(2021) 66 final an 18.2.2021



PUBLIC

Dírítear leis an gcomhpháirtíocht ar thacú le hiarrachtaí agus tiomantas na hIordáine maidir **leis an dea-rialachas, an smacht reachta, an t-athchóiriú daonlathach agus cearta an duine a neartú, lena n-áirítear cearta sóisialta agus oibrithe.** Is luachanna comhroinnte iad cearta an duine agus saoirsí bunúsacha, mar a léirítear iad i ndlíthe idirnáisiúnta, réigiúnacha agus náisiúnta. Na prionsabail dhaonlathacha agus cearta an duine a urramú, is gné fhíor-riachtanach é sin den chaidreamh idir an tAontas Eorpach agus an Iordáin agus den fhorbairt agus den chobhsaíocht inbhuanaithe shocheacnamaíoch san Iordáin.

Sa réimse imirce agus soghluaisteachta, agus Teachtaireacht an Choimisiúin Eorpaigh faoin gComhshocrú Nua maidir le hImirce agus Tearmann[7], agus reachtaíocht na hIordáine á gcur san áireamh, is tosaíocht thrasearnálach é dul chun cinn maidir le cur chun feidhme éifeachtach chomhpháirteanna éagsúla na **Comhpháirtíochta Soghluaisteachta**, tosaíocht a rannchuideodh freisin le háirithiú gur féidir le daoine gluaiseacht níos rialta agus níos éasca idir an Iordáin agus an tAontas, agus é ina aidhm dó sin, *inter alia*, an turasóireacht a fheabhsú, an malartú oideachais a éascú agus caidreamh a bhunú le pobail easaoránachta na hIordáine thar lear. Cur chuige cuimsitheach agus inbhuanaithe i leith na himirce agus an tearmainn, lena n-áirítear comhar maidir le filleadh i gcomhréir le hinniúlachtaí náisiúnta an Aontais agus a Bhallstát, d'fhéadfadh an cur chuige sin a bheith chun tairbhe an Aontais agus na hIordáine araon.

[7] COMM(2020) 609 final an 23.9.2020



PUBLIC

## 1. An Comhar maidir le Cobhsaíocht Réigiúnach agus Slándáil a Neartú, lena n-áirítear an Fhrithsceimhlitheoireacht

Aithníonn an tAontas na hiarrachtaí ábhartha uile atá déanta ag an Iordáin. Ba cheart don Aontas agus don Iordáin leanúint den dlúthchomhar maidir le haghaidh a thabhairt ar an éagobhsaíocht réigiúnach, lena n-áirítear an bhagairt ar an tslándáil a bhaineann le Dae'sh agus le grúpaí sceimhlitheoireachta eile. I ndáil leis sin, tá an tAontas tiomanta do chuidiú leis an Iordáin maidir lena hiarrachtaí a teorainneacha seachtracha a chobhsú agus a dhaingniú. Tacaíonn an tAontas agus an Iordáin araon leis an ngá le réitigh bhuanfasacha inbhuanaithe ar ghéarchéim na Siria i gcomhréir le rún 2254 Chomhairle Slándála NA (2015). An obair ar ghéarchéim na Siria a réiteach, ba cheart leanúint di sna fóraim idirnáisiúnta iomchuí, agus leanúint den chomhar i gcomhthéacs an Treochláir Fheabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus an Iordáin, agus aird faoi leith á díriú ar thionscadail chomhpháirteacha agus comhroinnt sonraí.

Ba cheart don Aontas agus don Iordáin an **'cothú athmhuintearais'** a neartú freisin i gcomhthéacsanna coinbhleachta eile, lena n-áirítear Próiseas Síochána an Mheánoirthir. Aithníonn an tAontas ról riachtanach fiúntach na hIordáine maidir le cobhsaíocht an réigiúin agus athdhearbhaíonn sé a thábhachtaí atá sé *status quo* stairiúil na láithreacha naofa in Iarúsailéim a chaomhnú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh maidir leis an gCaomhnóireacht Haisimíteach. Leanfaidh an tAontas agus an Iordáin dá ndlúthchomhar chun réiteach cóir cuimsitheach ar an gcoinbhleacht idir Iosrael agus an Phalaistín a shaothrú, a bheidh bunaithe ar an réiteach dhá stát, ar pharaiméadair arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta agus ar an dlí idirnáisiúnta. Lasmuigh den ghné choinbhleachta féin, i gcomhthéacs an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta, neartóidh siad an comhar agus an athléimneacht maidir leis an mbainistiú riosca agus an chosaint shibhialta, feabhsóidh siad an obair ar athléimneacht agus oiriúnú aeráide, agus infheisteoidh siad i mbearta coisctheacha.

Is comhpháirtithe iad an tAontas agus an Iordáin maidir le hidirphlé idirchreidmheach agus idirchultúrtha a chur chun cinn agus a chothú, ar an leibhéal idirnáisiúnta agus an leibhéal réigiúnach ina bhfuil ról ceannais ag an Iordáin. Oibreoidh an tAontas agus an Iordáin i gcomhar le chéile chun bealaí a shainaithint leis an oidhreacht chultúrtha a chosaint agus a chaomhnú mar dhóigh thábhachtach chun síocháin, daonlathas agus forbairt inbhuanaithe a bhaint amach agus mar mhodh chun idirphlé agus cuimsiú dearfach a ghiniúint, agus molfaidh siad bearta chuige sin.

Is príomhghné eile le haghaidh cobhsaíocht fhadtéarmach a bheidh i rochtain ar acmhainní nádúrtha, go háirithe uisce óil sábháilte. Leanfaidh an Iordáin agus an tAontas de dhul i gcomhar le chéile chun éifeachtúlacht agus inbhuanaitheacht bhainistiú an uisce a fheabhsú a thuilleadh.

PUBLIC

Ní mór **cosc agus cur i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh** agus an radacaithe a bheith ina n-ardtosaíochtaí fós. Ina fhianaise sin, agus chun an t-idirphlé rialta polaitiúil agus téamach a chomhlánú, neartóidh an tAontas agus an Iordáin an dlúthchomhar nithiúil agus an chomhroinnt sonraí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin laistigh den smacht reachta, agus cearta an duine agus saoirsí bunúsacha á n-urramú go hiomlán. Rachaidh an tAontas agus an Iordáin i gcomhar le chéile chun bunchúiseanna an radacaithe, na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh a chomhrac, ag féachaint don chomhtháthú sóisialta agus ról tábhachtach na mban, na ndaoine óga agus an oideachais, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí chláir oideachais a chomhaontaítear go frithpháirteach agus trí rannpháirtíocht réimse leathan de shochaí shibhialta na hIordáine.

Tá creat curtha ar bun ag an Aontas agus an Iordáin freisin le haghaidh rannpháirtíocht na hIordáine in **oibríochtaí bainistíochta géarchéime** an Aontais agus is sampla eile é sin den dlúthchomhar eatarthu maidir le saincheisteanna slándála, dlúthchomhar ar féidir tógáil air.

## 2. Cobhsaíocht Eacnamaíoch Inbhuanaithe a chur chun cinn, chomh maith le Fás Glas Digiteach Cuimsitheach Eolasbhunaithe, Oideachas Ardchaighdeáin agus Cruthú Cuibhiúil Post

Géarchéim na Siria agus na dídeanaithe atá inti go fadtéarmach dá barr, tá sé sin tar éis tionchar mór a imirt ar staid eacnamaíoch na hIordáine, ar ghanntanas a hacmhainní nádúrtha agus ar sholáthar seirbhísí bunúsacha, agus tá an méid sin ag géarú ar staid eacnamaíoch atá dúshlánach cheana féin. De dheasca phaindéim COVID-19, tá méadú mór tagtha ar na dúshláin, an leochaileacht agus an neamh-chomhionannas socheacnamaíoch. Dá bhrí sin, déanfar **idirphlé eacnamaíoch, athchóirithe agus comhar maidir le saincheisteanna maicreacnamaíocha** a fhorbairt a thuilleadh agus a chur chun feidhme d'fhonn beartais mhaicreacnamaíocha agus struchtúracha fhónta a chur chun cinn lena gcothófar acmhainneacht fáis inbhuanaithe chuimsitheach, lena méadófar ar athléimneacht gheilleagar na hIordáine i gcoinne suaití eacnamaíocha agus lena bhfeabhsófar inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí i gcomhar le deontóirí iltaobhacha agus déthaobhacha. Na hiarrachtaí chun an chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a chaomhnú, ba cheart leanúint díobh i gcomhthéacs chlár athbhreithnithe an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) agus ghealltanais na hIordáine leis an bpobal idirnáisiúnta tar éis Chomhdháil Londain in 2019 agus Mhaitrís Athchóirithe na hIordáine. Tá na hiarrachtaí sin á gcoimeád ag imeacht ag an Aontas trína chúnamh comhair, agus trí chláir shubstaintiúla um chúnamh miocrairgeadais freisin.



PUBLIC

Anuas ar bhainistiú fioscach agus buiséadach fónta, féachfar le comhar breise a bhaint amach maidir le **hathchóirithe in earnáil phoiblí na hIordáine** d'fhonn an bhainistíocht airgeadais phoiblí a fheabhsú, ach feabhas a chur freisin ar a héifeachtúlacht fhoriomlán agus ar a cumais chun seirbhísí a chur ar fáil.

Is príomhdhúshlán socheacnamaíoch don Iordáin de bharr géarchéimeanna réigiúnacha fadtéarmacha í, *inter alia*, rochtain neamh-chomhionann ar an bhfostaíocht, lena n-áirítear rochtain ban agus daoine óga, fás íseal eacnamaíoch, dífhostaíocht ard agus fiachas atá ag dul i méid. Ba cheart é sin a shárú trí obair chuibhiúil a chruthú, tacú leis an bhfiontraíocht agus an nuálaíocht – go háirithe sa gheilleagar glas, digiteach agus sóisialta – scileanna agus cáilíochtaí a fhorbairt – trí oiliúint, oideachas agus taighde spriocdhírithe a chothú – agus córas cosanta sóisialta spriocdhírithe cuimsitheach a fhorbairt. Is é is aidhm do na Tosaíochtaí Comhpháirtíochta aghaidh a thabhairt air sin trí uirlisí beartais éagsúla a chur i bhfeidhm: trádáil; forbairt gnó; oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil; soghluaisteacht mhéadaithe. Is é an aidhm leis na hionstraimí sin trí chéile cumhachtú agus rannpháirtíocht eacnamaíoch na n-earnálacha uile sa tsochaí a neartú freisin.

PUBLIC

(a) Is príomhghné de na Tosaíochtaí Comhpháirtíochta **Trádáil le haghaidh Forbartha**. Beidh an cruthú post, agus tacaíocht á fáil aige ón méadú ar onnmhairí chuig an Aontas faoin scéim shimplithe um rialacha tionscnaimh, chun tairbhe na hIordáine. I gcomhar le chéile, sainaithneoidh an tAontas agus an Iordáin cuir chuige oiriúnacha i leith feabhas a chur ar nuachóiriú an chaidrimh dhéthaobhaigh trádála agus infheistíochta. Thairis sin, oibreoidh an tAontas agus an Iordáin i gcomhpháirt le chéile ar FBManna, forbairt, teicneolaíocht agus fios gnó chun na naisc dhéthaobhacha agus eacnamaíocha a neartú.

(b) I gcomhthráth leis sin, leanfaidh an tAontas agus an Iordáin dá **n-idirphlé**, chun comhchuibhiú a spreagadh i réimsí amhail Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta (SPS), Bacainní Teicniúla ar Thrádáil (TBT) agus seirbhísí d'fhonn an trádáil a éascú agus tarraingteacht na hIordáine don infheistíocht a neartú. Thairis sin, chun sláinte agus sábháilteacht tomhaltóirí a chosaint níos fearr, agus chun an trádáil a éascú, oibreoidh an tAontas i gcomhar leis an Iordáin chun tacú le forbairt creataí éifeachtacha um shábháilteacht táirgí, i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta, agus bacainní neamhtharaifí á seachaint san am céanna.

(c) Méadóidh an tAontas Eorpach agus an Iordáin a n-iarrachtaí agus cuirfidh siad dlús leo d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh: **na cúinsí gnó a fheabhsú** agus infheistíochtaí a mhealladh, go háirithe infheistíochtaí a thacaíonn leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach athléimneach ísealastaíochtaí; **tacú le táirgiúlacht agus iomaíochas na hearnála príobháidí** agus an fhiontraíocht a chur chun cinn (lena n-áirítear í a chur chun cinn tríd an athchóiriú dlíthiúil, rialála agus riaracháin, lena gcuimsítear beartais iomaíochta agus rialacha um rialú fóirdheontas, iasachtaí a thabhairt do chuideachtaí agus a oiread tairbhe is féidir a bhaint as an gclaochlú digiteach agus an t-aistriú glas); **an tsraith cheart eolais agus scileanna a chruthú** a bhfuil gá léi i margadh saothair na hIordáine agus don gheilleagar glas, digiteach agus sóisialta. Mar a luadh thuas, d'fhéadfadh **tionscnamh infheistíochta inbhuanaithe** nua a bheith ina chuidiú maidir leis na spriocanna sin a shaothrú. Ina theannta sin, oibreoidh an tAontas agus an Iordáin i gcomhar le chéile chun na hearnálacha eolasbhunaithe a neartú, rud atá tábhachtach le haghaidh cruthú post cuibhiúil, go háirithe i measc na mban agus na ndaoine óga, chomh maith le tacú le cuideachtaí agus iad a chumhachtú, go háirithe sna hearnálacha eacnamaíocha is mó atá thíos le paindéim COVID-19.

(d) Ionstraim chumhachtach eile chun an fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch a fheabhsú is ea **an t-oideachas**. Is gné lárnach a bheidh ann le haghaidh na hIordáine, agus í ag obair i gcomhar leis an Aontas, chun an tosaíocht sin a bhaint amach chun tairbhe na ndaoine uile a mhaireann san Iordáin agus chun na dúshláin a shárú a bhaineann le COVID-19 agus leis na bearnaí foghlama a dhruidim. **Rochtain ar oideachas poiblí sábháilte ar ardchaighdeán le haghaidh na leanaí, na ndaoine óga agus na n-aosach óg uile ar gach leibhéal,** treoróidh sé sin an comhar idir an tAontas agus an Iordáin lena chinntiú go bhfuil deis ag gach duine staidéar, todhchaí a chruthú dó féin agus rannchuidiú leis an bhfás eacnamaíoch agus le forbairt na tíre. Is fiú aird faoi leith a dhíriú ar ghairmoiliúint agus gairmoideachas a fhreagraíonn don mhargadh saothair, agus ar an ardoideachas agus ar an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil.

Oibreoidh an tAontas agus an Iordáin i gcomhar le chéile freisin, go déthaobhach agus i gcomhthéacs an Aontais don Réigiún Meánmhuirí, sna réimsí **eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta** lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí threochláir a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí frithpháirteacha amhail an tAthrú Aeráide, an tSláinte agus an Fuinneamh Inathnuaite.



PUBLIC

Cothóidh an tAontas agus an Iordáin taighde nuálach agus réitigh agus comhar eolasbhunaithe maidir leis **an bhfuinneamh inathnuaite, an éifeachtúlacht fuinnimh agus í ailínithe le straitéis na hIordáine don earnáil fuinnimh (2020-2030), agus bainistíocht inbhuanaithe acmhainní nádúrtha, lena n-áirítear bainistíocht inbhuanaithe chun cleachtais talmhaíochta inbhuanaithe agus bainistiú inbhuanaithe uisce agus dramhaíola a bhaint amach, uisce óil sábháilte san áireamh**. Beidh a gcomhar i gcomhréir le Clár Oibre 2030 agus Comhaontú Pháras, i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip freisin, agus beidh gníomh neartaithe ann chun an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach athléimneach aeráidneodrach a chur chun cinn. Leanfar den chomhar maidir le taighde agus nuálaíocht tríd an gclár Fís Eorpach, an clár um Chomhpháirtíocht maidir le Taighde agus Nuálaíocht i Limistéar na Meánmhara (PRIMA) agus Ardán Réigiúnach UfM maidir le Taighde agus Nuálaíocht.

Bunóidh an tAontas agus an Iordáin fóram chun **tionscadail infheistíochta don todhchaí** a shainaithint agus a ullmhú, i gcomhréir le tosaíochtaí náisiúnta na hIordáine agus i gcomhar le deontóirí déthaobhacha agus iltaobhacha. Is é an aidhm a bheidh ag an Aontas, i measc aidhmeanna eile, tacú leis an Iordáin, i gcomhar le deontóirí eile, maidir lena pleananna chun tionscadal Aqaba-Amman um Dhíshalannú agus Iompar Uisce (AAWDC) a chur chun feidhme mar thionscadal straitéiseach náisiúnta arb aidhm dó an t-easnamh in acmhainní uisce ríthábhachtacha na tíre a laghdú.

Oibreoidh an tAontas agus an Iordáin i gcomhar le chéile chun **comhleanúnachas idir na tosaíochtaí maidir le Fuinneamh, Uisce, Bia, Sláinte agus an tAthrú Aeráide** a áirithiú, cur chun feidhme na dtosaíochtaí a chur chun cinn agus próisis rannpháirtíochta a áirithiú ar an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal idirnáisiúnta.

### 3. AN DEA-RIALACHAS, AN SMACHT REACHTA, AN tATHCHÓIRIÚ DAONLATHACH AGUS AN URRAIM DO CHEARTA AN DUINE A NEARTÚ

I gcomhréir le tiomantas láidir na hIordáine do phróiseas leantach um athchóiriú a bheidh á chothú ag an gCoiste Ríoga chun an Córas Polaitiúil a Nuachóiriú, leanfaidh an tAontas agus an Iordáin d’oibriú i gcomhar le chéile agus é mar aidhm acu an córas daonlathach agus ceartais san Iordáin, an smacht reachta, an comhionannas inscne agus cosaint chearta an duine agus na saoirsí bunúsacha a neartú a thuilleadh. Tacóidh an tAontas agus an Iordáin le bearta chun gach cineál idirdhealaithe a chomhrac, agus le gach gné a bhaineann le sochaí shibhialta éifeachtach dea-bhunaithe, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí timpeallacht oibre agus spás oibriúcháin dlíthiúil a chur ar bun a bheidh fabhrach d’fhorbairt sochaí sibhialta fuinniúla.

Díreofar leis an gcomhar ar na hathchóirithe cuimsitheacha uileghabhálacha a chur chun feidhme, rud a neartóidh éifeachtacht, éifeachtúlacht agus neamhspleáchas na mbreithiúna, chomh maith leis an rochtain chomhionann ar an gceartas do chách, i gcomhréir le caighdeáin a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta. Cumhdófar leis comhar breithiúnach maidir le ceisteanna sibhialta agus coiriúla, trí aontachas do na coinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha a chur chun cinn agus iad a chur chun feidhme, agus trí oibriú i dtreo comhaontú idirnáisiúnta maidir le comhar breithiúnach i ndáil le ceisteanna coiriúla i gcomhpháirt le Eurojust. Leis an gcomhar díreofar a thuilleadh ar an bpróiseas toghcháin (lena n-áirítear bearta leantacha i dtaca le moltaí Mhisean Breathnóireachta Toghchán agus Mhisean Saineolaithe Toghcháin an Aontais), ar thacaíocht don chomhionannas inscne, lena n-áirítear an comhrac i gcoinne foréigean inscnebhunaithe, agus do rannpháirtíocht pholaitiúil fhónta na mban agus na ndaoine óga, agus do chumhachtú na mban sa saol polaitiúil agus poiblí. Mar chuid den chomhar idir an tAontas agus an Iordáin freisin, beidh cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha, oideachas saoránachta, neartú chóras na bpáirtithe polaitiúla agus ról maoirseachta agus reachtach na Parlaiminte, na naisc idir an pholaitíocht áitiúil agus an pholaitíocht náisiúnta, idirphlé sóisialta fónta, an próiseas díláraithe, meáin iolraíocha neamhspleácha, trédhearcacht, lena n-áirítear trédhearcacht airgeadais, agus cuntasacht, chomh maith leis an gcomhrac i gcoinne an éillithe.

Leanfaidh an tAontas agus an Iordáin **d'idirphlé rialta a reáchtáil maidir leis an daonlathas agus an dea-rialachas, an ceartas, an smacht reachta agus cearta an duine**. Is idirphlé é sin a chuirfidh le gealltanais na hIordáine agus ar a bhfuil bainte amach aici ar bhonn idirnáisiúnta, réigiúnach agus náisiúnta. Tabharfar cuireadh comhpháirteach don tsochaí shibhialta ionchur a dhéanamh.

A mhéid a bhaineann le **cearta an duine** go sonrach, tabharfar aghaidh leis an idirphlé rialta ar na nithe seo a leanas, i measc nithe eile: an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh i ngach foirm; saoirse comhlachais, lena n-áirítear an timpeallacht oibre don tsochaí shibhialta agus do chomhpháirtithe sóisialta, amhail ceardchumainn agus comhlachais trádála; cearta na mban agus cumhachtú na mban sa saol polaitiúil, eacnamaíoch agus poiblí, agus cearta an linbh. Tá sé fíor-riachtanach riarachán poiblí cuntasach trédhearcach éifeachtúil cuimsitheach a bheith ann chun na spriocanna sin a chur chun feidhme, agus chun daonlathas agus dea-rialachas na hIordáine a chur chun cinn agus a neartú a thuilleadh, chomh maith lena comhrac i gcoinne na calaoise agus an éillithe, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí chomhar éifeachtach éifeachtúil leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh.

Leis an idirphlé cuirfear san áireamh go cuí na gealltanais a rinne an Iordáin cheana ar an leibhéal iltaobhach. Cumhdófar san idirphlé sin freisin cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha, mar shampla, maidir leis an oideachas agus an saothar. Bainfidh an t-idirphlé le réimsí atá á gcoinneáil sna Tosaíochtaí Comhpháirtíochta go háirithe.

Chun ardleibhéal cosanta sonraí pearsanta a áirithiú, leanfaidh an tAontas dá rannpháirtíocht maidir le hailíniú breise le caighdeáin Aontais agus idirnáisiúnta um chosaint sonraí a chur chun cinn. Ba cheart don Iordáin tuilleadh beart praiticiúil a ghlacadh chun an urraim don cheart chun príobháideachais agus don cheart chun sonraí pearsanta a chosaint a dhearbhú sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha, lena n-áirítear an méid sin a bheidh ann sa réimse forfheidhmithe dlí agus ceartais choiriúil.

PUBLIC

**FREAGAIRT DO GHÉARCHÉIM NA SIRIA**

Leanfaidh an tAontas agus an Iordáin d'oibriú i gcomhar le chéile chun réitigh bhuanfasacha inbhuanaithe a aimsiú ar ghéarchéim na Siria i gcomhréir le rún 2254 (2015) Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, chun filleadh dídeanaithe deonach, sábháilte agus faoi dhínit a chumasú. Mar thoradh ar a n-iarrachtaí, leanfar de rochtain a sholáthar ar chosaint, slite beatha agus seirbhísí do dhídeanaithe agus do phobail óstacha leochaileacha araon, lena n-áirítear an rochtain sin a sholáthar trí na bearta seo a leanas:

– Leanúint de stádas riaracháin na ndídeanaithe a éascú chun cosaint éifeachtach, rochtain ar sheirbhísí bunúsacha agus urraim dá gcearta bunúsacha daonna agus dlíthiúla a áirithiú;

– Rochtain agus cáilíocht seirbhísí fíor-riachtanacha a fheabhsú, lena n-áirítear cúnamh sóisialta, seirbhísí fuíolluisce, cúram sláinte, tacaíocht mheabhairshláinte agus shíceasóisialta san áireamh, agus oideachas foirmiúil agus seachfhoirmiúil;

– A slite beatha a fheabhsú agus a bhféintuilleamaí a mhéadú trí dheiseanna a chruthú dóibh chun rannchuidiú le forbairt eacnamaíoch na hIordáine trí na nithe seo a leanas, i measc nithe eile: na cúinsí gnó a fheabhsú, mar aon leis an táirgiúlacht agus na coinníollacha margaidh saothair; beartais tacaíochta a bheidh in oiriúint do scileanna agus do riachtanais an mhargaidh; rochtain ar an oideachas agus ar an oiliúint a éascú; rochtain ar dheiseanna oibre a fheabhsú agus a leathnú, lena n-áireofar é sin a dhéanamh trí thacú le hobair a dhéantar sa bhaile agus le ceadanna oibre; cumhachtú agus rannpháirtíocht eacnamaíoch na mban agus na ndaoine óga a neartú.

– Onnmhairí chuig margadh an Aontais a chothú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí chur chun feidhme éifeachtach na scéime um rialacha tionscnaimh le haghaidh na Iordáine, chun infheistíochtaí agus cruthú post a chur chun cinn, a bheidh chun tairbhe mhuintir na hIordáine agus dídeanaithe Siriacha araon.

### SÁSRAÍ UM IDIRPHLÉ AGUS COMHAR FRITHPHÁIRTEACH

Socraítear an creat ginearálta le haghaidh an chaidrimh idir an tAontas agus an Iordáin leis an gComhaontú Comhlachais, a tháinig i bhfeidhm in 2002 agus an tArdstádas, a baineadh amach in 2010. Baineadh **cuíchóiriú amach maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhlachais** trí na fochoistí a atheagrú ina ngrúpaí idirphlé téamacha de réir na dTosaíochtaí Comhpháirtíochta agus mar chomhlánú ar an idirphlé polaitiúil.

I gcomhghaol leis an athbhreithniú ar an gClár Oibre don Réigiún Meánmhuirí agus ar na Conclúidí ón gComhairle in 2024, foráiltear maidir le hathbhreithniú meántéarma chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na dTosaíochtaí Comhpháirtíochta a chomhaontófar idir an tAontas agus an Iordáin, agus chun iad a oiriúnú, i gcás inar gá.

Ina theannta sin, chun tacú le cur ar fáil **tacaíochta ón Aontas chun freagairt do ghéarchéim dhídeanaithe na Siria**, beidh athbhreithniú rialta ann ar na gealltanais fhrithpháirteacha ábhartha faoi na Tosaíochtaí sin i gcomhthéacs an chomhair dhéthaobhaigh idir an tAontas agus an Iordáin, chomh maith le hidirphlé agus cruinnithe ábhartha eile, agus trí na bearta leantacha a bheidh ann mar thoradh ar Chomhdhálacha na Bruiséile.

I gcomhréir le **prionsabal na húinéireachta méadaithe ar Bheartas Comharsanachta na hEorpa**, glacfaidh an tAontas páirt, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, i gcomhordú sásraí le Rialtas na hIordáine ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal áitiúil, agus le comhpháirtithe amhail an tsochaí shibhialta agus an earnáil phríobháideach.

Agus na huaillmhianta arna leagan amach sna Tosaíochtaí Comhpháirtíochta á saothrú ag an Aontas, geallann sé leanúint de thacaíocht airgeadais a sholáthar agus a bheith rannpháirteach laistigh den phobal idirnáisiúnta chun tacú leis an Iordáin, agus geallann an Iordáin leanúint de chur chun feidhme a cláir oibre um athchóiriú, clár a bheidh ina chuid lárnach de rath frithpháirteach na comhpháirtíochta a chumasú.

PUBLIC